

Socrú Oibre

**idir Eurojust agus an Oifig Gnóthaí Baile, thar ceann údaráis inniúla Ríocht Aontaithe
na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann lena gcuirtear i bhfeidhm**

**an Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus Comhphobal
Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus
Thuaisceart Éireann**

Socrú Oibre idir Eurojust agus an Oifig Gnóthaí Baile, thar ceann údaráis inniúla Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann lena gcuirtear i bhfeidhm an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

Tá an Oifig Gnóthaí Baile, thar ceann údaráis inniúla Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (dá ngairtear 'an Ríocht Aontaithe' anseo feasta),

Agus

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (dá ngairtear 'Eurojust' anseo feasta), dá ngairtear 'na Páirtithe' le chéile,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), agus go háirithe Airteagal 594 den Chomhaontú,

Ag féachaint do Rialacha Nós Imeachta Eurojust arna leasú, arna fhormheas ag an gComhairle le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2250 an 19 Nollaig 2019 agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1114 an 23 Iúil 2020 agus arna nglacadh ag an gColáiste an 20 Nollaig 2019 agus an 24 Iúil 2020 faoi seach (dá ngairtear 'Rialacha Nós Imeachta Eurojust' anseo feasta), agus go háirithe Airteagal 5(5)(b),

Ag féachaint do na Rialacha Nós Imeachta maidir le próiseáil agus cosaint sonraí pearsanta ag Eurojust arna gceadú ag an gComhairle trí Chinneadh (AE) 2019/2250 an 19 Nollaig 2019 a Chur Chun Feidhme agus arna nglacadh ag an gColáiste an 20 Nollaig 2019,

Ag tabhairt dá haire nach bhféadfaidh Eurojust sonraí pearsanta a aistriú chuig údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe faoin Socrú seo ach amháin i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1727, agus nach féidir aon aistriú sonraí pearsanta ag údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe chuig Eurojust faoin Socrú seo a dhéanamh ach amháin i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí maidir le haistrithe idirnáisiúnta na Ríochta Aontaithe,

TAR ÉIS COMHAONTÚ mar a leanas:

CAIBIDIL I
FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Cuspóir

Is é cuspóir an tSocraithe Oibre seo (dá ngairtear ‘Socrú’ anseo feasta) forálacha ábhartha a chur chun feidhme sa Chomhaontú maidir le comhar le Eurojust, go háirithe Teideal VI de Chuid a Trí den Chomhaontú.

Airteagal 2

Na húdaráis atá inniúil maidir le cur chun feidhme agus athbhreithniú comhpháirteach an tSocraithe

Déanfar cur chun feidhme an tSocraithe seo agus an athbhreithnithe chomhpháirtigh dá dtagraítear in Airteagal 19 den Socrú seo faoi mhaoirseacht dhíreach:

- (a) Thar ceann údaráis inniúla Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, an Oifig Gnóthaí Baile;
- (b) Thar ceann Eurojust, Comhalta Náisiúnta arna ainmniú ag an gColáiste.

CAIBIDIL II
MODHANNA COMHAIR

Airteagal 3

Ionchúisitheoir Idirchaidrimh le Eurojust

1. Tabharfaidh an Ríocht Aontaithe Ionchúisitheoir Idirchaidrimh ar iasacht do Eurojust a fhéadfaidh suas le cúigear a bheith de chúnamh aige, lena n-áirítear Cúntóirí agus baill foirne tacaíochta eile.
2. Féadfar líon na gCúntóirí agus na foirne tacaíochta eile, nach mó ná an líon iomlán cúigear, a mhodhnú trí chomhaontú idir na Páirtithe trí mhalartú litreacha. Níl an tIonchúisitheoir Idirchaidrimh, a Chúntóirí ná a Cúntóirí ná baill foirne tacaíochta faoi réir aon chaidrimh chonarthacha le Eurojust.
3. Tabharfaidh an tIonchúisitheoir Idirchaidrimh cúnamh chun comhar a fheabhsú idir údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe agus Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear trína áirithiú go ndéantar comhordú iomchuí ar imscrúduithe agus ar ionchúisimh a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe agus le tacaíocht ó Eurojust.
4. Tabharfaidh an Ríocht Aontaithe fógra do Eurojust i scríbhinn faoi cheapachán an Ionchúisitheora Idirchaidrimh, a Chúntóirí nó a Cúntóirí agus don fhoireann tacaíochta. Áireofar san fhógra, inter alia, faisnéis maidir le fad na gcheapachán, léiriú ar na Cúntóirí a d'fhéadfadh teacht in ionad an Ionchúisitheora Idirchaidrimh, na cumhachtaí arna ndeontú i gcomhréir le hAirteagal 585(4) den Chomhaontú agus a réimsí saineolais. Cuirfear aon athruithe in iúl do Eurojust láithreach.
5. Cloífidh an tIonchúisitheoir Idirchaidrimh, a Chúntóirí nó a Cúntóirí agus an fhoireann tacaíochta le rialacha agus rialacháin Eurojust.

6. Chun críche Airteagal 585(8) den Chomhaontú, ciallaíonn "doiciméid oibre" na taifid, an comhfhreagras, na doiciméid, na lámhscríbhinní, na sonraí ríomhaireachta agus meáin, na grianghraif, na scannáin, na físeáin agus na taifid fuaime ar fad ar leis an Ionchúisitheoir Idirchaidrimh, a Chúntóirínó a Cúntóirí agus an fhoireann tacaíochta iad".

Airteagal 4

Giúistís Idirchaidrimh Eurojust

I gcomhréir le hAirteagal 586 den Chomhaontú, féadfaidh Eurojust Giúistís Idirchaidrimh a chur ar post sa Ríocht Aontaithe. Má chinneann Eurojust déanamh amhlaidh, déanfar cearta agus oibleagáidí an Ghiúistís Idirchaidrimh, chomh maith leis na costais lena mbaineann, a shocrú trí shocrú oibre ar leith.

Airteagal 5

Pointí teagmhála

1. Ní dhéanfaidh na pointí teagmhála arna gcur in iúl ag an Ríocht Aontaithe faoi phointí (e) agus (f) d'Airteagal 690(6) den Chomhaontú an malartú faisnéise leis na Feisirí Náisiúnta a éascú ach amháin mar thoradh ar neamhláithreach an Ionchúisitheora Idirchaidrimh nó a Chúntóirí nó a Cúntóirí, agus áiritheoidh siad go roinnfear faisnéis go pras le húdaráis inniúla ábhartha na Ríochta Aontaithe.
2. Féadfar na pointí teagmhála a úsáid freisin chun faisnéis straitéiseach comhleasa a chur in iúl do Eurojust agus don Ríocht Aontaithe chun a gcuspóirí a bhaint amach agus chun a ngníomhaíochtaí a chomhordú ar bhealach níos éifeachtaí. Go háirithe, cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas go rialta maidir le gníomhaíochtaí agus tionscnaimh a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir leis an bPáirtí eile.
3. Cuirfidh an Ríocht Aontaithe Eurojust ar an eolas, trí úsáid a bhaint as teimpléad tiomnaithe Eurojust, maidir le fógra a thabhairt faoi phointí teagmhála faoin gComhaontú, agus maidir le haon mhodhnú ar an bhfógra sin.

Airteagal 6

Spás oifige agus áiseanna eile

1. Féachfaidh Eurojust le saoráidí leordhóthanacha a chur ar fáil don Ionchúisitheoir Idirchaidrimh, dá Chúntóirí agus dá bhaill foirne tacaíochta, laistigh de shrianta an bhonneagair agus faoi réir acmhainní a bheith ar fáil.
2. Áireofar sna saoráidí sin spás oifige don Ionchúisitheoir Idirchaidrimh. Déanfar spás oifige dá Chúntóirí nó dá Cúntóirí agus don fhoireann tacaíochta a sholáthar a mhéid is féidir.
3. Féadfar a áireamh ar na saoráidí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo seirbhísí amhail:
 - a. Ríomhaire, ríomhaireglúine agus fón póca;
 - b. Cuntas ríomhphoist Eurojust;
 - c. Cártaí gnó Eurojust;
 - d. Seomraí cruinnithe agus áiseanna físchomhdhála a úsáid;
 - e. Rochtain ar inlíon agus ar eislíon Eurojust, de réir mar is iomchuí;
 - f. Rochtain ar Chomhéadan Bainistíochta Eolais;

- g. Rochtain ar an Leabharlann;
 - h. Rochtain agus úsáid a bhaint as iarratas ar Fhoirm Faisnéise Cásanna;
 - i. Rochtain a fháil ar an gCóras Bainistíochta Doiciméad (DMS) agus é a úsáid, chun a ndoiciméid féin a chruthú agus a stóráil agus chun féachaint ar dhoiciméid ar deonaíodh rochtain dóibh orthu agus chun iad a phróiseáil.
4. Féadfaidh Eurojust aisíocaíochta iarraidh maidir leis na speansais ar fad nó maidir le cuid de na speansais a thabhaigh sé chun na háiseanna seo a chur ar fáil. Má dhéantar iarraidh den sórt sin, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile chun an méid atá le híoc a chinneadh agus a chomhaontú. Mura féidir leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú, beidh feidhm ag Airteagal 20 den Socrú seo.
 5. Féadfaidh Eurojust, ar iarratas agus a mhéid is féidir, fanacht agus comhtháthú an Ionchúisitheoir Idirchaidrimh, a Chúntóirí nó a Cúntóirí agus na foirne tacaíochta san Ísiltír a éascú.

Airteagal 7

Rannpháirtíocht i gcruinnithe iomlánacha an Choláiste

1. Féadfaidh an tIonchúisitheoir Idirchaidrimh agus/nó a Chúntóirí nó a Cúntóirí freastal ar chruinnithe an Choláiste mar bhreathnóirí ar chuireadh ón Uachtarán, ach ní bheidh ceart vótála acu. Go háirithe, féadfaidh an tIonchúisitheoir Idirchaidrimh agus/nó a Chúntóirí nó a Chúntóirí freastal ar:
 - (a) An tour de table oibríochtúil chun cúrsaí oibríochtúla a phlé, i gcomhréir le hAirteagal 3(1)(a) de Chinneadh an Choláiste 2017-24 maidir leis na socrúithe praiticiúla d'Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh atá ar iasacht ó thríú Stáit do Eurojust, arna leasú le Cinneadh ón gColáiste 2021-07 an 14 Meán Fómhair 2021;
 - (b) Codanna eile de chruinnithe an Choláiste ina bhfuil gá le malartú tuairimí nó saineolais.
2. Féadfaidh an tUachtarán dul i gcomhairle leis an Ionchúisitheoir Idirchaidrimh agus lena Chúntóirí nó lena Cúntóirí maidir le gnóthaí a bhaineann le hobair an Choláiste agus tionchar díreach á imirt acu ar a dhul ar a iasacht nó a hiasacht chuig Eurojust.
3. Déanfar clár oibre chruinnithe an Choláiste agus na doiciméid a bhaineann leis na cruinnithe nó le cuid de na cruinnithe a dtabharfar cuireadh dóibh freastal orthu a chur ar fáil don Ionchúisitheoir Idirchaidrimh agus dá Chúntóirí nó dá Cúntóirí.

Airteagal 8

Rannpháirtíocht i gcruinnithe oibríochtúla agus i lárionaid chomhordúcháin agus iad a eagrú

1. Féadfaidh an tIonchúisitheoir Idirchaidrimh agus a Chúntóirí nó a Cúntóirí páirt a ghlacadh i gcruinnithe oibríochtúla agus in ionaid chomhordúcháin Eurojust a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, ar chuireadh ón Fheisire Náisiúnta nó na Feisirí Náisiúnta atá ag eagrú an chruinnithe nó an lárionaid agus le faomhadh ó na Comhaltáí Náisiúnta eile atá rannpháirteach sa chás.
2. Féadfaidh an tIonchúisitheoir Idirchaidrimh agus a Chúntóirí nó a Cúntóirí iarraidh ar Fheisire Náisiúnta amháin nó ar níos mó Feisirí Náisiúnta lena mbaineann cás páirt a ghlacadh i gcruinnithe oibríochtúla nó in ionaid chomhordaithe agus/nó iad a thionól.

3. Faoi réir acmhainní a bheith ar fáil agus arna iarraidh sin, féadfaidh Eurojust tacaíocht shubstainteach a thabhairt don Ionchúisitheoir Idirchaidrimh agus dá Chúntóirí nó dá Cúntóirí chun páirt a ghlacadh i gcruinnithe oibríochtúla agus i lárionaid chomhordúcháin. D'fhéadfaidh go mbeadh ullmhúchán cinntí dlí, agus / nó anailíseacha, tuairimí, comhairle agus moltaí ar ábhair oibríochta i gceist leis an tacaíocht sin; malartú faisnéise oibríochta le gníomhaireachtaí eile a éascú; agus/nó cumarsáid sheachtrach a éascú.

Airteagal 9

Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí ghrúpaí oibre an Choláiste

1. Féadfar an tIonchúisitheoir Idirchaidrimh agus a Chúntóirí nó a Cúntóirí, bunaithe ar a réimsí saineolais agus faoi réir cuiridh ó chathaoirleach meithle oibre, a chomhlachtú chuig obair meithleacha oibre an Choláiste mar a bhunaítear le Rialacha Nós Imeachta Eurojust.
2. Ní bheidh cearta vótála ag an Ionchúisitheoir Idirchaidrimh ná ag a Chúntóirí nó a Cúntóirí sna meithleacha.
3. Déanfar doiciméid a bhaineann le gníomhaíochtaí na meithleacha oibre lena bhfuil baint aige nó aici a sholáthar don Ionchúisitheoir Idirchaidrimh agus dá Chúntóirí nó dá Cúntóirí.

Airteagal 10

Rannpháirtíocht i gcruinnithe straitéiseacha, in oiliúint, i ngníomhaíochtaí agus i dtionscadail for-rochtana

1. Ar chuireadh Uachtarán Eurojust, féadfaidh an tIonchúisitheoir Idirchaidrimh agus a Chúntóirí nó a Cúntóirí freastal ar chruinnithe straitéiseacha.
2. Ar chuireadh Uachtarán Eurojust, féadfaidh an tIonchúisitheoir Idirchaidrimh agus a Chúntóirí nó a Cúntóirí freastal ar oiliúint foirne, i gcomhréir le rialacha inmheánacha Eurojust.
3. Ar chuireadh Uachtarán Eurojust, féadfar an tIonchúisitheoir Idirchaidrimh nó a Cúntóirí nó a Cúntóirí a chomhlachtú chuig gníomhaíochtaí agus tionscadail for-rochtana a eagraíonn Eurojust, a chuireann Eurojust i bhfeidhm nó a dtacaíonn Eurojust leo. Féadfaidh Eurojust, ach acmhainní a bheith ar fáil, speansais mhisin arna dtabhú ag rannpháirtíocht an Ionchúisitheora Idirchaidrimh nó a Chúntóirí nó a Cúntóirí a aisíoc, i gcás ina ngníomhaíonn sé nó sí chun leasa Eurojust.

CAIBIDIL III

MALARTÚ FAISNÉISE

Airteagal 11

Foráil ghinearálta

1. Aon mhalartú agus próiseáil bhreise a dhéanfar ar shonraí pearsanta, beidh sé i gcomhréir le creataí dlíthiúla na bPáirtithe faoi seach, agus le Teideal VI de Chuid 3 agus Airteagal 525 den Chomhaontú agus beidh sé bunaithe orthu sin.
2. Coinneoidh Eurojust agus údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe taifead ar tharchur agus ar fháil sonraí a chuirtear in iúl faoin Socrú Oibre seo, lena n-áirítear na forais le haghaidh tarchur den sórt sin.

Airteagal 12

Catagóirí speisialta sonraí pearsanta a tharchur

1. Ní fhéadfar catagóirí speisialta de shonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 525(2)(b) den Chomhaontú a sholáthar ach amháin má tá fíorghá leo agus má tá siad comhréireach chun críche a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal 580 agus le hAirteagal 589 den Chomhaontú.
2. Glacfaidh Eurojust agus údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe coimircí leordhóthanacha, go háirithe bearta iomchuí teicniúla agus slándála eagrúcháin mar a thuairiscítear in Airteagal 525(2)(c) den Chomhaontú chun a bheith in oiriúint le hÍogaireacht speisialta na gcatagóirí sonraí pearsanta a luaitear i mír 1 den Airteagal seo agus chun cinntiú nach ndéanfar idirdhealú ar aon duine nádúrtha ar bhonn na sonraí pearsanta sin.

Airteagal 13

Ceartha na n-ábhar sonraí

1. Rachaidh Eurojust agus údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe i gcomhairle le chéile sula ndéanfar aon chinneadh maidir le hiarraidh duine aonair ar rochtain, ar cheartú, ar shrianadh nó ar scriosadh sonraí pearsanta a próiseáladh i gcomhthéacs an tSocráithe seo chun a áirithiú go mbreithneofar go cuí aon chúiseanna leis na srianta i gcomhréir le hAirteagal 525(2)(d) den Chomhaontú, arna tharraingt anuas ag an bPáirtí eile nó, i gcás inarb ábhartha, ag na húdaráis náisiúnta a sholáthair na sonraí pearsanta ar dtús.
2. Déanfar an comhairliúchán sin tríd an Ionchúisitheoir Idirchaidrimh.

Airteagal 14

Teorainneacha ama chun sonraí pearsanta a stóráil

Stórálfaidh Eurojust agus údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe sonraí pearsanta ar feadh tréimhse nach faide ná aon tréimhse ama arna sonrú ag an údarás inniúil a dhéanann an t-aistriú, i gcomhréir le hAirteagal 589(3) den Chomhaontú nó ar feadh tréimhse is gá chun na críocha ar chucu a bailíodh na sonraí nó ar chucu a próiseáladh tuilleadh iad de réir Airteagal 580 agus Airteagal 589(2) den Chomhaontú a bhaint amach. Ba cheart an gá sin a athbhreithniú i gcónaí de réir chreataí dlíthiúla na bPáirtithe faoi seach.

Airteagal 15

Slándáil sonraí

1. Áiritheoidh Eurojust agus údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe go n-úsáidfear na bearta teicniúla agus eagrúcháin is gá i gcomhréir le hAirteagal 525(2)(c) den Chomhaontú chun sonraí pearsanta a fhaightear faoin Socrú Oibre seo a chosaint ar scriosadh trí thaisme nó neamhdhleathach, ar chailteanas tionóisceach nó ar nochtadh neamhúdaráithe, ar athrú neamhúdaráithe, ar rochtain neamhúdaráithe nó ar aon chineál neamhúdaráithe próiseála. Áiritheoidh Eurojust agus údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe go háirithe nach mbeidh rochtain ach ag na daoine sin atá údaráithe chun rochtain a fháil ar shonraí pearsanta ar na sonraí sin.
2. Cuirfidh Eurojust agus údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe a chéile ar an eolas faoi aon teagmhais slándála, agus go háirithe, aon sárúithe sonraí dá dtagraítear in Airteagal 525(2)(e) den Chomhaontú, a bhaineann le sonraí a mhalartaítear i gcomhthéacs an tSocráithe Oibre seo. Déanfar cumarsáid den sórt sin tríd an Ionchúisitheoir Idirchaidrimh.

Airteagal 16

Faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a mhalartú

Amhail dá dtagraítear in Airteagal 593 agus in Airteagal 777 den Chomhaontú, déanfar na nósanna imeachta slándála chun faisnéis rúnaicmithe a láimhseáil agus a chosaint idir Eurojust agus údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe, agus na teoracha láimhseála chun cosaint faisnéise íogair neamh-rúnaicmithe a mhalartaítear eatarthu a áirithiú, déanfar iad a leagan amach i socrú oibre ar leithligh idir na Páirtithe.

Airteagal 17

Rúndacht

1. Beidh an tIonchúisitheoir Idirchaidrimh, a Chúntóirí nó a Cúntóirí agus an fhoireann tacaíochta faoi cheangal ag oibleagáid rúndachta maidir le haon fhaisnéis a chuirtear in iúl dóibh le linn dóibh a gcúraimí a chomhlíonadh.
2. Leanfaidh an oibleagáid rúndachta d'fheidhm a bheith aici tar éis do na daoine dá dtagraítear i mír (1) den Airteagal seo éirí as oifig nó fostaíocht agus tar éis foirceannadh ghníomhaíochtaí na ndaoine sin.
3. Beidh feidhm ag an oibleagáid rúndachta ar an bhfaisnéis uile a dhéanfaidh Eurojust a fháil nó a mhalartú, murar cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil go dleathach don phobal roimhe sin nó mura bhfuil rochtain ag an bpobal uirthi.
4. I gcás ina ndéanann údarás an Bhallstáit a chuireann faisnéis ar fáil do Eurojust coinníollacha a fhorchur, de bhun a dhlí náisiúnta, ar an údarás glactha maidir le húsáid na faisnéise sin, beidh údarás inniúil na Ríochta Aontaithe a fhaigheann an fhaisnéis faoi cheangal ag na coinníollacha sin.
5. Maidir leis an oibleagáid rúndachta arna forchur le hAirteagal 72 de Rialachán Eurojust, beidh feidhm aici maidir leis na daoine agus na comhlachtaí atá liostaithe san Airteagal sin i ndáil le haon fhaisnéis arna soláthar ag údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe faoin gComhaontú.

CAIBIDIL IV

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 18

Dliteanas

Gan dochar d'Airteagal 592 den Chomhaontú:

- (a) beidh an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas agus slánóidh sí Eurojusti leith aon damáistí agus aon chostais ghaolmhara a thabhoídh Eurojust mar thoradh ar aon ghníomh nó neamhghníomh d'aon ghnó nó failíoch de chuid an Ionchúisitheora Idirchaidrimh nó a Chúntóirí nó a Chúntóirí nó na foirne tacaíochta agus iad i mbun a ndualgas;
- (b) beidh Eurojust faoi dhliteanas agus slánóidh sé an Ríocht Aontaithe i leith aon damáistí agus aon chostais ghaolmhara a thabhoídh an Ríocht Aontaithe mar thoradh ar aon ghníomh nó neamhghníomh d'aon ghnó nó failíoch a rinne Eurojust, baill foirne Eurojust, feisire náisiúnta, ionadaí nó Cúntóir agus iad i mbun a ndualgas.

Airteagal 19

Faireachán ar chur chun feidhme

1. Chun críocha faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an tSocráithe seo, déanfaidh na Páirtithe athbhreithniú comhpháirteach débhlíantúil ar a chur chun feidhme.
2. Gan dochar do Theideal XIII de Chuid III den Chomhaontú, díreoidh na Páirtithe go comhpháirteach, i gcomhréir le hAirteagal 20 den Socrú seo, ar aon saincheisteanna a d'fhéadfadh na Páirtithe a shainaitheint le linn an Socrú seo a bheith á chur chun feidhme.
3. D'fhonn tuilleadh comhair a chothú agus faireachán ar chur chun feidhme an tSocráithe seo a éascú, déanfar malartuithe rialta, lena n-áirítear trí bhíthin cruinnithe ardleibhéil idir na Páirtithe.

Airteagal 20

Díospóidí a réiteach

1. Gan dochar do Theideal XIII, Cuid III den Chomhaontú, tiocfaidh na Páirtithe le chéile go pras ar iarraidh sin ag ceachtar Páirtí chun aon díospóid a bhaineann le léirmhíniú nó cur chun feidhme an tSocráithe seo agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don chaidreamh comhair idir na Páirtithe a réiteach go cairdiúil.
2. Más rud é nach féidir díospóid a réiteach trí chomhairliúchán i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh ceachtar Páirtí a iarraidh go ndéanfaí caibidlíochtaí maidir le leasú ar an Socrú seo i gcomhréir le hAirteagal 21 den Socrú seo.

Airteagal 21

Leasuithe

1. Féadfar an Socrú Oibre seo a leasú i scríbhinn, tráth ar bith, trí chomhthoilíú idir na Páirtithe.
2. Tiocfaidh leasuithe i bhfeidhm an lá tar éis an dáta a thabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile maidir le comhlánú a gceanglas inmheánach.

Airteagal 22

Fionraí agus Foirceannadh

1. Más rud é, de bhun Airteagal 692 nó Airteagal 779 den Chomhaontú, nach bhfuil an Ríocht Aontaithe ná an tAontas faoi cheangal ag an gComhaontú a thuilleadh, déanfar an Socrú Oibre seo a fhoirceannadh ar an dáta céanna a scoirfidh an Comhaontú d'fheidhm a bheith aige.
2. Má scoireann Cuid III nó Teideal VI den Chomhaontú d'fheidhm a bheith acu de bhun Airteagal 693 nó Airteagal 700 den Chomhaontú, cuirfear an Socrú Oibre seo ar fionraí ar an dáta céanna agus ar feadh na tréimhse céanna a scoirfidh forálacha sin an Chomhaontaithe d'fheidhm a bheith acu.
3. Gan dochar do mhír 1 den Airteagal seo, tá éifeachtaí dlíthiúla na mbeart arna nglacadh le linn thréimhse chur chun feidhme an tSocráithe Oibre fós bailí agus ní dhéanfaidh na Páirtithe agóid ina gcoinne nuair a bheidh deireadh leis an Socrú Oibre.

Airteagal 23
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Socrú seo i bhfeidhm an chéad lá tar éis dáta an tsínithe dheireanaigh.

Arna dhéanamh i ndúblach i mBéarla.

Le haghaidh

Le haghaidh Eurojust

An tUachtarán

Arna dhéanamh i Londain

an _____

Arna dhéanamh sa Háig

an _____